Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14051/19**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0216(COD)**
**2018/0217(COD)**
**2018/0218(COD)**

**AGRI 543**
**AGRILEG 194**
**AGRIFIN 75**
**AGRISTR 71**
**AGRIORG 82**
**CODEC 1624**
**CADREFIN 370**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9645/18 + COR 1 + ADD 1<br>9634/18 + COR 1 + ADD 1<br>9556/18 + REV 1 (en, de, fr) + COR 1 |
| Ábhar: | An pacáiste um athchóiriú CBT tar éis 2020<br>*– Gnéithe de CBT a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid – comhollstruchtúr glas atá uaillmhianach solúbtha* |

Agus ullmhúchán á dhéanamh don Chomhairle "Talmhaíochta agus Iascaigh" ar an 18 Samhain 2019, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, plépháipéar ón Uachtaránacht maidir le "gnéithe de CBT a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid - comhollstruchtúr glas atá uaillmhianach solúbtha", lena n-áirítear ceisteanna a bheidh ina gcuidiú díospóireacht na n-airí a threorú.

## PLÉPHÁIPÉAR ÓN UACHTARÁNACHT
## MAIDIR LE GNÉITHE DE CBT A BHAINEANN LEIS AN gCOMHSHAOL AGUS LEIS AN AERÁID - COMHOLLSTRUCHTÚR GLAS ATÁ UAILLMHIANACH SOLÚBTHA

Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle 'Talmhaíochta agus Iascaigh' ar an 15 Iúil 2019, rinne na hairí tuairimí a mhalartú maidir le gnéithe den Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) tar éis 2020 a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid. Roimh an gcruinniú, bhí plépháipéar (10622/19) ullmhaithe ag an Uachtaránacht agus bhí iarrtha aici ar na hairí a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis na gnéithe is riachtanaí den togra ón gCoimisiún agus machnamh a dhéanamh ar na feabhsuithe a bhféadfaí gá a bheith leo d'fhonn an uaillmhian is inmhianaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na haeráide de a bhaint amach.

Chuir cuid mhór toscaireachtaí a gcuid tacaíochta in iúl, cé nárbh ionann an méid sin tacaíochta, do leibhéal níos airde uaillmhéine ó thaobh an chomhshaoil agus na haeráide a bheith ag baint le CBT amach anseo i gcomparáid leis an leibhéal reatha. Chuir na toscaireachtaí i bhfios go láidir freisin go raibh sé tábhachtach an méid a leanas a dhéanamh: i) cistiú leordhóthanach a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar dhálaí comhshaoil níos dúshlánaí, ii) an t-ualach riaracháin do na feirmeoirí agus do na húdaráis araon a laghdú, lena n-áirítear sna rialuithe ar choinníollacht, agus iii) ligean do na Ballstáit a riachtanais áitiúla a chur san áireamh agus iad ag cur na riachtanas chun feidhme, lena n-áiritheofaí tuilleadh solúbthachta chomh maith le forálacha níos simplí agus níos sothuigthe.

Thairis sin, is iomaí aire a luaigh an gá atá le breis oibre teicniúla, agus thug an Chomhairle treoir don Choiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) leanúint den phlé d'fhonn na tograí a bhaineann leis an ábhar seo a phlé. Leanadh freisin den obair theicniúil sa Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta (WP HAQ) le linn an fhómhair.

## 1. <u>Na torthaí atá bainte amach go dtí seo i ndáil le huaillmhian CBT ó thaobh an chomhshaoil agus na haeráide</u>

Bunlíne choiteann de chuid an Aontais is ea **coinníollacht** (Airteagail 11-12 agus Iarscríbhinn III den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha), ó thaobh dhearcadh an chomhshaoil agus na haeráide, chun tacaíocht a fháil. Comhtháthaítear sa togra ón gCoimisiún, cuid mhór de na ceanglais atá ann cheana maidir le glasú mar aon le traschomhlíonadh sa choinníollacht nua fheabhsaithe, a bheidh ina bunlíne i dtaca le híocaíochtaí a fháil faoin bPlean Straitéiseach faoi CBT.

Aistreoidh na Ballstáit an choinníollacht fheabhsaithe isteach sna caighdeáin náisiúnta agus a gcuid sonraíochtaí agus riachtanas féin á gcur san áireamh. Bhí sé mar aidhm leis an obair a rinneadh i gcaitheamh Uachtaránachtaí comhleantacha (an Ostair, an Rómáin, an Fhionlainn) ceanglais na conníollachta a shoiléiriú agus foráil a dhéanamh don tsolúbthacht is gá chun coinníollacha agus dálaí éagsúla ar fud na hEorpa a chur san áireamh.

Tá sé tábhachtach go gcumhdófaí leis an gcoinníollacht mar bhunlíne an sciar is mó is féidir de thalamh talmhaíochta an Aontais. Tá sé tábhachtach freisin, áfach, cothromaíocht a aimsiú idir an t-ualach riaracháin a bhaineann le rialuithe coinníollachta agus le tionchar comhshaoil na **feirmeoireachta mionscála**. Dá réir sin, a mhéid a bhaineann le feirmeacha beaga, dealraíonn sé go bhfuil údar le córas níos simplí le haghaidh rialuithe agus díolúintí áirithe maidir le pionóis choinníollachta.

Dar leis an Uachtaránacht, baintear amach leis an dréacht-téacs maidir le coinníollacht atá á phlé agus eilimintí nua caighdeán maidir le cóir mhaith thalmhaíochta agus chomhshaoil (CMTC) agus ceanglais reachtúla bhainistithe (CRB), leibhéal comhshaoil agus aeráide níos airde ná mar a bhaintear amach leis an mbunlíne reatha. Ag an am céanna, áirítear cothrom na Féinne leis fad is a thugtar an tsolúbthacht is gá do na Ballstáit chun caighdeáin agus riachtanais a oiriúnú do chásanna agus riachtanais áitiúla.

De ghrá na simplíochta, thabharfaí an tsolúbthacht ba ghá do na Ballstáit chun **na rialuithe agus na pionóis maidir le coinníollacht (Airteagail 84-87 den Rialachán Cothrománach)** a chur chun feidhme. I gcásanna neamhchomhlíontachtaí, bheadh pionóis níos comhréirí leis na hiarmhairtí a ghabhann le cuspóir an chaighdeáin nó an cheanglais lena mbaineann a ghnóthú.

Tá obair déanta ag an Uachtaránacht freisin ar dhréacht-téacsanna dlí CBT a leasú agus a chomhdhlúthú a thuilleadh, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na heilimintí a leanas, ar eilimintí tábhachtacha iad chun Pleananna Straitéiseacha na mBallstát a bhainistiú agus rannchuidiú leis an uaillmhian chomhshaoil agus aeráide a bhaint amach:

– **Incháilitheacht talún (Airteagal 4(c) den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha):** tá leasuithe molta ag an Uachtaránacht ar na rialacha lena rialaítear incháilitheacht talún chuig íocaíochtaí díreacha lena áirithiú nach gcuirfeadh na rialacha sin isteach ar uaillmhian chomhshaoil CBT amach anseo. Áirithítear leis an gcur chuige sin nach gcaillfidh feirmeoirí tacaíocht mar gheall ar cheanglais fheabhsaithe choinníollachta agus tugtar dreasachtaí dóibh páirt a ghlacadh in éiciscéimeanna, agus leis sin, an méid atá á dhéanamh acu le críocha comhshaoil agus aeráide a ghnóthú a mhéadú;

– **Solúbthacht airgeadais (Airteagail 88 agus 89 den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha):** leis na moltaí dréachtaithe a rinne an Uachtaránacht laghdófaí go mór an baol go gcaillfí cistí nuair a bheadh an leibhéal rannpháirtíochta i roinnt idirghabhálacha, go háirithe sna héiciscéimeanna, níos ísle ná mar a rabhthas ag súil léi. Laistigh de theorainneacha áirithe a dtugann na Ballstáit údar leo ina bPlean Straitéiseach, a bhuí le solúbthacht, d'fhéadfaí freisin cistí a aistriú chuig, mar shampla, éiciscéimeanna ó idirghabhálacha eile ar íocaíochtaí díreacha, má bhíonn an leibhéal rannpháirtíochta sna héiciscéimeanna níos airde ná mar a rabhthas ag súil leis. D'áiritheofaí leis sin go mbeadh éiciscéimeanna tarraingteach i gcónaí agus go bhfaigheadh tionscadail luachmhara cistiú cuí fiú dá mbeadh an leibhéal rannpháirtíochta éagsúil ón leibhéal a bhí beartaithe ar dtús, ar riosca é sin, ós rud é gur ionstraimí nua iad na héiciscéimeanna gan taithí roimh ré ar iad a phleanáil/a chur i bhfeidhm.

Phléigh an Uachtaránacht go mion freisin an togra reachtach a mhéid a bhaineann le roinnt **cineálacha idirghabhálacha a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil agus aeráide**. Tá mionchoigeartú déanta ar dhréachtú Airteagal 28 (éiciscéimeanna), Airteagal 65 (gealltanais bhainistíochta), Airteagal 66 (limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu), Airteagal 67 (ceanglais éigeantacha áirithe) agus na n-eilimintí neamhtháirgiúla in Airteagal 68 (Infheistíochtaí) go háirithe, agus tá tacaíocht léirithe ag formhór mór na mBallstát do na téacsanna. Maidir le héiciscéimeanna, áfach, tá an cheist faoi chur i bhfeidhm deonach nó éigeantach an chórais sna Ballstáit go fóill le freagairt.

Faoi na **hidirghabhálacha earnála** pléadh céatadán na gcistí oibríochtúla de chláir oibríochtúla na n-eagraíochtaí táirgeoirí a dhíreofar ar chuspóirí comhshaoil agus aeráide, ach tá difríochtaí fós sna tuairimí ó na Ballstáit.

## 2. <u>Smaointe maidir le tuilleadh oibre</u>

Chomh maith leis na heilimintí agus riachtanais dlí a chuirtear i láthair thuas, tá ceist fós ann faoin ranníocaíocht airgeadais is gá ó na Pleananna Straitéiseacha faoi CBT chun críocha comhshaoil agus aeráide. Pléadh an tsaincheist sin i dtaca leis an athchóiriú agus mhol roinnt Ballstát, mar shampla, sciar sonrach d'íocaíochtaí díreacha a dhíriú ar éiciscéimeanna, ach tá difríochtaí móra ó thaobh tuairimí agus roghanna fós ann.

Áirítear sna haithrisí sa togra ón gCoimisiún an cuspóir ginearálta 40% den chaiteachas a bhaineann leis an aeráid faoi CBT a ghnóthú agus déantar foráil ann faoi Airteagal 87 do mhodh chun caiteachas a bhaineann leis an aeráid a rianú. Áirítear ann freisin céatadán níos nithiúla (30%) do bhuiséad an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a chuirfear ar leataobh i gcomhair cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid. Maidir le hidirghabhálacha cholún 1, tá sciar íosta caiteachais (20%) molta le haghaidh chistí oibríochtúla na n-eagraíochtaí táirgeoirí (POnna) maidir le torthaí agus glasraí.

Ós rud é gur cheart Plean Straitéiseach faoi CBT a bheith ina iomlán comhtháite, lena gcumhdófaí idirghabhálacha faoin dá Cholún, ba mhaith leis an Uachtaránacht a mholadh go dtabharfaí isteach **comhchéatadán amháin** lena gcumhdófaí an Plean Straitéiseach <u>iomlán</u> faoi CBT, a bheadh chomh hinfheidhme céanna i ndáil le gach Ballstát, a dhíreodh ar chuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfaí é sin a shloinneadh freisin mar **mhéid seasta** cistiúcháin do gach Ballstát chun na gcríoch sin faoin bPlean Straitéiseach <u>iomlán</u> faoi CBT. I dtéarmaí eile, bheadh comhchéatadán amháin nó méid seasta cistiúcháin amháin ann lena gcumhdófaí an dá cholún agus **d'fhéadfadh an Ballstát lena mbaineann idirghabháil amháin nó níos mó a roghnú faoi Cholún I nó faoi Cholún II nó faoin dá cheann, a chuideodh leis an gcéatadán nó leis an méid sin a bhaint amach.** D'fhágfadh sin go bhféadfadh na Ballstáit na hidirghabhálacha is fearr a oireann dóibh a roghnú, i bhfianaise a gcuid dálaí áitiúla gan aon srian a bheith orthu iad a roghnú ó cholún faoi leith, agus leis sin, d'áiritheofaí tuilleadh solúbthachta maidir leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT a dhréachtú.

**Dá bhrí sin, in ionad 30% de Cholún II a chur ar leataobh do chuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid,** molann an Uachtaránacht go **gcuirfeadh na Ballstáit sciar sonrach óna n-imchlúdach CBT *iomlán* (Colún I agus Colún II) ar leataobh do na cuspóirí sin.**

Dar leis an Uachtaránacht, i dteannta na hoibleagáide maidir le huaillmhian mhéadaithe i ndearadh na bPleananna Straitéiseacha faoi CBT de réir Airteagal 92, cur chuige maith chun trédhearcacht a thabhairt maidir le caiteachas comhshaoil agus aeráide a bheadh i gcomhchéatadán nó méid seasta, mar aon le leibhéal níos airde uaillmhéine comhshaoil agus aeráide a bhaint amach i gcomparáid leis an staid reatha agus comhchineál "ollstruchtúr glas" CBT a áirithiú. Ag an am céanna, le comhchéatadán aonair nó méid seasta bheadh solúbthacht ag na Ballstáit rogha a dhéanamh de réir a gcúinsí féin idir idirghabhálacha Cholún I nó Cholún II a úsáid, fad agus go mbaintear amach an céatadán nó an méid is gá.

Chuirfí an comhchéatadán in ionad sprioc 30% atá beartaithe agus d'fhéadfaí é a **shocrú níos déanaí, tar éis chinneadh CAI**, ar leibhéal lena ngnóthófaí leibhéal uaillmhéine comhshaoil agus aeráide is airde ná CBT atá ann faoi láthair. Choinneofaí sprioc do chláir oibríochtúla le haghaidh torthaí agus glasraí agus bheadh a céatadán fós le plé.

<u>Idirghabhálacha a rannchuidíonn leis an gcomhchéatadán aonair nó leis an méid seasta</u>

Tá réamhliosta de chineálacha idirghabhálacha aitheanta ag an Uachtaránacht, a bhféadfaí gnóthú an chomhchéatadáin aonair nó an mhéid sheasta (le sonrú sa téacs dlí) a mheas ina leith:

– na scéimeanna maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol (éiciscéimeanna) (Airteagal 28 den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha);

– gealltanais bhainistíochta a rannchuidíonn leis an gcomhshaol agus leis an aeráid (Airteagal 65 den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha);

– céatádán ar leith den chistiú lena gcúitítear srianta nádúrtha nó srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar (Airteagail 66 agus 67 den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha);

– infheistíochtaí a bhaineann le críocha comhshaoil agus aeráide (Airteagal 68 den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha);

– idirghabhálacha áirithe a bhaineann le críocha comhshaoil agus aeráide faoi chineálacha idirghabhálacha in earnálacha áirithe;

– seirbhísí comhairleacha a bhaineann le críocha comhshaoil agus aeráide (Airteagal 13 den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha);

– aistriú eolais agus comhar a bhaineann le críocha comhshaoil agus aeráide (Airteagail 71-72 den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha).

Thairis sin, mholfadh an Uachtaránacht forálacha sonracha maidir le tuilleamh an chéatadáin/an mhéid atá leagtha síos a chur leis an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT. Ba cheart cineál ilbhliantúil ghealltanais Cholún II a chur san áireamh sna forálacha sin. Mar sin de, de réir dealraimh, bheadh sé loighciúil faireachán a dhéanamh ar bhaint amach na sprice ar feadh roinnt blianta agus foráil a dhéanamh do shásra lena n-áiritheofaí go ngnóthófaí an céatadán/méid is gá le linn thréimhse phleanála CBT.

I bhfianaise an chúlra thuas, iarrfar ar na hairí aghaidh a thabhairt ar na **ceisteanna** a leanas ag an "Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh" ar an 18 Samhain:

– An bhféadfadh na Ballstáit tacú leis an bprionsabal go mbeadh sciar comhchoiteann tiomnaithe aonair de chistiú ann chun críocha comhshaoil agus aeráide, lena gcumhdófaí an dá cholún, agus é á chur san áireamh acu nach mór tuilleadh oibre a dhéanamh maidir leis na mionsonraí?

– An mbeadh creat láidir go leor ach solúbtha go leor san am céanna sa phacáiste beart a leagtar amach thuas chun méadú ar uaillmhian CBT amach anseo ó thaobh an chomhshaoil agus na haeráide de a bhaint amach?